Clár Samhraidh 2026

Eolas do thuismitheoirí iar-bhunscoile

Bíonn an Clár Samhraidh saor in aisce seo ar siúl i scoileanna ar fud na hÉireann agus tacaíonn sé le leanaí agus daoine óga le linn an tsamhraidh. Cabhraíonn sé leo muinín a chothú, fanacht sláintiúil, agus mothú go bhfuil siad nasctha lena bpobal scoile.

Maidir le cláir scoilbhunaithe

- Do dhaltaí atá cláraithe i ranganna speisialta, chomh maith le daltaí i ranganna príomhshrutha a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu agus iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais
- Tacófar le daltaí ranganna speisialta leis an leithdháileadh acmhainní foirne a bhí i bhfeidhm le linn na gnáth-scoilbhliana reatha
- Ba cheart go mbeadh an scéim ar siúl ar feadh coicíse

Iompar

D'fhéadfadh seirbhísí iompair scoile a bheith ar fáil do dhaltaí/scoláirí atá ag baint leas as seirbhísí faoin Scéim Iompair RSO cheana féin. Seol ceisteanna ar ríomhphost chuig SENtransport@education.gov.ie

Níl aon chostas ar thuismitheoirí as leanaí a bheith páirteach sa chlár.

Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar gov.ie/summerprogramme

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth